



Nuachtlitir #3 - Eanair 2020

An scéal go dtí seo

Tá súil againn go mbéidh bliain mhaith agat in 2020. Buiochas mór duit as do thacaíocht i rith na bliana seo thart agus muid ag iarraidh ár mbá álainn a shábháil. Níl muid réidh leis an iarracht sin go fóill agus tá súil againn go mbéidh tú linn arís i mbliana.

I mí na Samhna cheadaigh an Rialtas 14 de na h-iaratais ar thairgiú slig-éisc i mBa Bhaile an Easa, cé gur cuireadh ar a súile dóibh go soiléir an fearg a bhí ar mhuintir na h-áite dá rachadh a leithid ar aghaidh.


- Rinneadh soiléir dóibh fá'n damáiste ollmhór a dhéanadh seo do fhostaíocht sa cheantar agus do'n tionscáil eco-thurasóireacht sa phobal anseo.
- Rinneadh soiléir dóibh fá chomh lochtach agus a bhí an comhairle eolaíochta a bhí siad ag usáid sa chinneadh a rinne siad.
- Rinneadh soiléir dóibh nach raibh siad ag claoi leis an dlí ó thaobh cead díospóireachta cheart a thabhairt do mhuintir na h-áite fá'n tógra.
- Rinneadh soiléir dóibh chomh maith an truailliú ollmhór a dhéanadh tairgiú slig-éisc do'n timpeallacht nádúrtha agus do'n dúlra sa Bhá.

In aineoin seo uilig níor thug an Rialtas lá áird ar dhearcadh an phobail.

Ag an chruinniú poiblí ar 15ú Nollaig, d'fhógraí muid go raibh muid ag cuir isteach athchomharc in éadan na gceadúnais ag an Aquaculture Licences Appeals Board. Níor tugadh ach am ghoirid dúinn leis a doiciméid cuimsitheach, teicniúil sin a chuir le chéile. Mar sin fhein lonnaíodh an athchomharc leo ar an 2ú Eanair agus tá admháil fáighte againn go raibh sé istigh in am. Caithimid fanacht anois ar chinneadh an Bhoird, rud a ghlacfas tamall maith ama.

Imeachtaí ag teacht aníos ag an Chóiste

Bheireann muid dúshlán do dhuine ar bith ar mhaith leo cuilt a dhéanamh le crochadh ar a bhalla agus téama Bá Bhaile an Easa aige. Béidh seans agat painéal beag a fhuáil a bhéas mar pháirt do chuilt mhór. Bíodh do phlean fhéin agat nó usaid ceann s'againne. Béidh eadach, snath &rl, ar fail agus Henny Arts agus Stephanie Greene ansin le cuidiú leat é uilig a dhéanamh. Tae agus caifé ar fail fosta saor in aisce ach tabhair leat lón duit fhéin. Tá 10 áit ar fail gach lá. Mar sin cuir do áit i dtaisce roimh ré. Mar sin thig leat scíl úr a fhoghlaim agus giota craic a bheith agat chomh maith. Cuir fón ar Henny ag 0873245628. Seo uilig ag tarlú ag Greenacres Quilts, Dún Mór lochtarach, Fálcarrach. Dátaí: an 1ú agus an 8ú de mhí Feabhra. 10a.m - 4p.m.



Seo mar is féidir leat cuidiú



Toghachán ag teacht.

Labhair amach d'intinn

Nuair a thiocthas daoine thart ag canbhasáil, bí cinnte do bharúil a thabhairt dóibh ar mar a ba chóir Bá Bhaile an Easa shábháil. Inis dóibh go soiléir go bhfuil do vóta ag brath ar ráiteas soiléir agus poiblí uatha go bhfuil siad ag gealladh tacaíocht don iarracht ag pobal Bhá Bhaile an Easa tairgiú slig-éisc a chosc sa Bhá, agus ár dtimpeallacht álainn anseo a shábháil do n'ar bpáistí.